

Déardaoin, 18 Bealtaine, 2006
Thursday, 18th May, 2006

10.30 a.m.

ORD GNÓ
ORDER OF BUSINESS

- 16a.** Tairiscint *maidir le* Comhaltas Coistí.
Motion *re* Membership of Committees.
- 16b.** Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann le haghaidh Creat-Chinnidh ón gComhairle maidir le malartú eolais agus faisnéise idir údaráis fhorfheidhmithe dlí Bhallstáit an Aontais Eorpaigh a shimpliú a tharchur chuig Comhchoiste.
Motion *re* Referral to Joint Committee of proposed approval by Dáil Éireann for a Council Framework Decision on simplifying the exchange of information and intelligence between law enforcement authorities of the Member States of the European Union.
- 16c.** Tairiscint *maidir le* hAitheasc ag an Onórach John Howard, M.P., Príomh-Aire na hAstráile.
Motion *re* Address by the Honourable John Howard, M.P., Prime Minister of Australia.
- 16d.** Tairiscint *maidir le* Socruithe chun Aitheasc ag an Onórach John Howard, M.P., Príomh-Aire na hAstráile a éascú.
Motion *re* Arrangements to Facilitate Address by the Honourable John Howard, M.P., Prime Minister of Australia.
- 18.** An Bille Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2006 — An Dara Céim (*atógáil*).
Energy (Miscellaneous Provisions) Bill 2006 — Second Stage (*resumed*).
- 19.** Ráitis maidir le hIompar 21 (*atógáil*).
Statements on Transport 21 (*resumed*).

I dTOSACH GNÓ PHOIBLÍ
AT THE COMMENCEMENT OF PUBLIC BUSINESS

Billí a thionscnamh : Initiation of Bills

Tabhairt Isteach:

Introduction:

9a. An Bille Sláinte (Cigireacht Ospidéal) 2006 — An Chéad Chéim.
Health (Hospitals Inspectorate) Bill 2006 — First Stage.

Bille dá ngairtear Acht do dhéanamh socrú maidir le Cigireacht Ospidéal a cheapadh ag an Aire Sláinte agus Leanaí, do dhéanamh socrú maidir le feidhmeanna na Cigireachta, agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

Bill entitled an Act to provide for the appointment by the Minister for Health and Children of a Hospital Inspectorate, to provide for the functions of the Inspectorate, and to provide for related matters.

— *Liz McManus.*

Fógraí Tairisceana : Notices of Motions

16a. “Go ndéanfar na Teachtaí Breandán Ó Húilín agus Kathleen Lynch a urscaoileadh ón Roghchoiste um Fhiontraíocht agus Mionghnóthaí agus na Teachtaí Ruairí Ó Cuinn agus Bríd Ní Mhuimhneacháin-Cróinín a cheapadh ina n-ionad.

That Deputies Brendan Howlin and Kathleen Lynch be discharged from the Select Committee on Enterprise and Small Business and that Deputies Ruairi Quinn and Breeda Moynihan-Cronin be appointed in substitution for them.

Go ndéanfar an Teachta Ruairí Ó Cuinn a urscaoileadh ón Roghchoiste um Ghnóthaí Eorpacha agus an Teachta Seosamh Mac Coistealbha a cheapadh ina ionad.

That Deputy Ruairi Quinn be discharged from the Select Committee on European Affairs and that Deputy Joe Costello be appointed in substitution for him.

Go ndéanfar an Teachta Ruairí Ó Cuinn a urscaoileadh ón Roghchoiste um Ghnóthaí Eorpacha agus an Teachta Seosamh Mac Coistealbha a cheapadh ina ionad.

That Deputy Ruairi Quinn be discharged from the Select Committee on Foreign Affairs and that Deputy Joe Costello be appointed in substitution for him.

Go ndéanfar na Teachtaí Seosamh Mac Coistealbha agus Bríd Ní Mhuimhneacháin-Cróinín a urscaoileadh ón Roghchoiste um Dhlí agus Ceart, Comhionannas, Cosaint agus Cearta na mBan agus na Teachtaí Breandán Ó Húilín agus Kathleen Lynch a cheapadh ina n-ionad.

That Deputies Joe Costello and Breeda Moynihan-Cronin be discharged from the Select Committee on Justice, Equality, Defence and Women’s Rights and that Deputies Brendan Howlin and Kathleen Lynch be appointed in substitution for them.”

— *Tomás Ó Ceit, Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh.*

16b. “Go ndéanfar an togra go gcead-aíonn Dáil Éireann an Stát d’fheidhmiú an roghnaithe nó na rogha arna gcur ar fáil le hAirteagal 1.11 de Chonradh Amstardam a bheith páirteach i nglacadh an bhirt bheartaithe seo a leanas:

That the proposal that Dáil Éireann approve the exercise by the State of the option or discretion provided by Article 1.11 of the Treaty of Amsterdam to take part in the adoption of the following proposed measure:

togra le haghaidh Creat-Chinnidh ón gComhairle maidir le malartú eolais agus faisnéise idir údaráis fhorfheidhmithe dlí Bhallstáit an Aontais Eorpaigh a shimpliú,

a proposal for a Council Framework Decision on simplifying the exchange of information and intelligence between law enforcement authorities of the Member States of the European Union,

ar beart beartaithe é ar leagadh cóip de faoi bhráid Dháil Éireann an 15 Bealtaine, 2006, a tharchur chuig an gComhchoiste um Dhlí agus Ceart, Comhionannas, Cosaint agus

a copy of which proposed measure was laid before Dáil Éireann on 15th May, 2006, be referred to the Joint Committee on Justice, Equality, Defence and Women’s Rights in

Ceartha na mBan de réir mhír (2) d'Orduithe Tagartha an Choiste sin, agus déanfaidh an Coiste sin, tráth nach déanaí ná an 30 Bealtaine, 2006, teachtaireacht a chur chuig an Dáil ar an modh a fhorordaítear i mBuan-Ordú 85, agus go mbeidh feidhm ag Buan-Ordú 84(2) dá réir sin.

accordance with paragraph (2) of the Orders of Reference of that Committee, which, not later than 30th May, 2006, shall send a message to the Dáil in the manner prescribed in Standing Order 85, and Standing Order 84(2) shall accordingly apply.”

— *Tomás Ó Ceit, Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh.*

16c. “Go ndéanfar, chun fáilte a chur roimh chuairt Phríomh-Aire na hAstráile, an t-Onórach John Howard, M.P. ar Éirinn, agus chun an ócáid a chomharthú go suntasach, cuireadh a thabhairt don Phríomh-Aire an Dáil a aitheasc ag 5.15 p.m. Dé Máirt, an 23 Bealtaine, 2006; gurb é a bheidh sna himeachtaí le linn an aithisc sin óráid ón gCeann Comhairle ag fáiltiú roimh an bPríomh-Aire, aitheasc an Phríomh-Aire agus ráiteas buíochais ón gCeann Comhairle ar son an aithisc; agus go gcuirfear an suí ar fionraí air sin go dtí 7 p.m.: Ar choinníoll, má tharlaíonn, rud nach dóigh, nach mbeidh an Príomh-Aire Howard, M.P. ábalta freastal, go bhféadfaidh an Ceann Comhairle an suí a chur ar fionraí go dtí 7 p.m.

That, to welcome the visit to Ireland of the Prime Minister of Australia, the Honourable John Howard, M.P., and to mark the event in a signal manner, the Prime Minister be invited to address the Dáil at 5.15 p.m. on Tuesday, 23rd May, 2006; the proceedings at such address shall consist of a speech by the Ceann Comhairle welcoming the Prime Minister, the Prime Minister's address and an expression of thanks by the Ceann Comhairle for the address; and that the sitting be thereupon suspended until 7 p.m.: Provided that, in the unlikely event Prime Minister Howard, M.P., is unable to attend, the Ceann Comhairle may suspend the sitting until 7 p.m.”

— *Tomás Ó Ceit, Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh.*

16d. “D’ainneoin aon ní sna Buan-Orduithe, agus mura n-ordóidh an Dáil a mhalairt, go mbeidh, chun aitheasc ag an Onórach John Howard, M.P., Príomh-Aire na hAstráile, a éascú, feidhm ag na socrúithe seo a leanas i ndáil le suí na Dála Dé Máirt, 23 Bealtaine, 2006:

That, notwithstanding anything in Standing Orders, and unless the Dáil shall otherwise order, in order to facilitate an address by the Honourable John Howard, M.P., Prime Minister of Australia, the following arrangements shall apply in relation to the sitting of the Dáil on Tuesday, 23rd May, 2006:

(1) Cuirfear an suí ar fionraí ar 4.50 p.m. go dtí 5.15 p.m., agus air sin déanfar aitheasc an Phríomh-Aire Howard M.P., a éisteacht ansin;

(1) The sitting shall be suspended at 4.50 p.m. until 5.15 p.m, whereupon the address by Prime Minister Howard, M.P., shall then be heard;

(2) Díreach i ndiaidh an aithisc ag an bPríomh-Aire Howard M.P., agus ar an gCeann Comhairle do chur a bhuíochais in iúl, cuirfear an suí ar fionraí go dtí 7 p.m., agus air sin atosófar ar an ngnáthghnó le gnó comhaltaí príobháideacha;

(2) Immediately following the address by Prime Minister Howard, M.P., and the expression of thanks by the Ceann Comhairle, the sitting shall stand suspended until 7 p.m., whereupon the ordinary routine of business shall recommence with private members' business;

(3) I gcás Ceist ar Fhógra Príobháideach a bheith ceadaithe, tógfar í le linn an tríocha nóiméad deireanacha den am a cheadaítear chun Ceisteanna ó Bhéal a thógáil an lá sin (agus ní athchromfar ar Cheisteanna a thógáil ina dhiaidh sin).

(3) In the event of a Private Notice Question being allowed, it shall be taken during the last thirty minutes of the time allowed for the taking of Oral Questions on that day (and the taking of Questions shall not resume thereafter).”

— *Tomás Ó Ceit, Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh.*

**ORDUITHE AN LAE
ORDERS OF THE DAY**

18. An Bille Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2006 — An Dara Céim (*atógáil*).
Energy (Miscellaneous Provisions) Bill 2006 — Second Stage (*resumed*).

19. Ráitis maidir le hIompar 21 (*atógáil*).
Statements on Transport 21 (*resumed*).

MEMORANDA

*Déardaoin, 18 Bealtaine, 2006
Thursday, 18th May, 2006*

Cruinniú den Chomhchoiste um Shláinte agus Leanaí i Seomra Coiste 4, TL2000,
ar 9.30 a.m.

Meeting of the Joint Committee on Health and Children in Committee Room 4, LH2000,
at 9.30 a.m.

Cruinniú den Fhochoiste um Iniúchadh Eorpach i Seomra Coiste 2, TL2000, ar
9.30 a.m.

Meeting of the Sub-Committee on European Scrutiny in Committee Room 2, LH2000, at
9.30 a.m.

Cruinniú den Chomhchoiste um Iompar i Seomra Coiste 3, TL2000, ar 10 a.m.
Meeting of the Joint Committee on Transport in Committee Room 3, LH2000, at 10 a.m.

Cruinniú den Choiste um Chuntais Phoiblí i Seomra Coiste 1, TL2000, ar 11 a.m.
Meeting of the Committee of Public Accounts in Committee Room 1, LH2000, at 11 a.m.

Cruinniú den Chomhchoiste um Oideachas agus Eolaíocht i Seomra Coiste 2, TL2000, ar
11.30 a.m.

Meeting of the Joint Committee on Education and Science in Committee Room 2,
LH2000, at 11.30 a.m.

Cruinniú den Fhochoiste um Chomhar Forbartha den Chomhchoiste um Ghnóthaí
Eachtracha i Seomra Coiste 4, TL2000, ar 12 meán lae.

Meeting of the Sub-Committee on Development Co-operation of the Joint Committee on
Foreign Affairs in Committee Room 4, LH2000, at 12 noon.

**SCRÍBHINNÍ A LEAGADH FAOI BHRÁID NA DÁLA
DOCUMENTS LAID BEFORE THE DÁIL**

Reachtúil:

1) Togra le haghaidh Rialacháin ón gComhairle maidir le speicis eachtracha agus speicis nach bhfuil fáil orthu go háitiúil a úsáid i ndobharshaothrú mar aon le nóta faisnéise míniúcháin. COM (2006) 154.

2) Togra le haghaidh Cinnidh ón gComhairle maidir le críochnú na gcomhchomhairliúchán le Poblacht Ioslamach na

Statutory:

1) Proposal for a Council Regulation concerning use of alien and locally absent species in aquaculture together with explanatory information note. COM (2006) 154.

2) Proposal for a Council Decision concerning the conclusion of consultations with the Islamic Republic of Mauritania

Máratáine faoi Airteagal 96 de Chomh-aontú athbhreithnithe Cotonou mar aon le nóta faisnéise míniúcháin. COM (2006) 166.

3) Comhsheasamh 2006/95/CFSP an 14 Feabhra, 2006 ón gComhairle lena n-athnuaitear bearta sriantacha in aghaidh cheannaireacht réigiún Trasnistriach Phoblacht na Moldóive mar aon le nóta faisnéise míniúcháin.

4) An tOrdú Staidrimh (Suirbhéanna Cuntas Gnó) 2006 (I.R. Uimh. 248 de 2006).

5) An Bord Míochaine agus Déidliachta Iarchéime. Cuntais, 2004.

Neamhreachtúil:

1) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Staidreamh) (Suirbhéanna Cuntas Gnó) 2006 (I.R. Uimh. 247 de 2006).

2) Na Rialacháin fán Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005 (Alt 42(2)) (Frithsceimhlitheoireacht) (Smachtbhannaí Airgeadais) 2006 (I.R. Uimh. 220 de 2006).

3) Na Rialacháin fán Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005 (Alt 42(6)) (Frithsceimhlitheoireacht) (Smachtbhannaí Airgeadais) 2006 (I.R. Uimh. 221 de 2006).

4) Na Rialacháin fán Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005 (Alt 42(2)) (Usama bin Laden, Al-Qaida agus Talaban na hAfganastáine) (Smachtbhannaí Airgeadais) 2006 (I.R. Uimh. 222 de 2006).

5) Na Rialacháin fán Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005 (Alt 42(6)) (Usama bin Laden, Al-Qaida agus Talaban na hAfganastáine) (Smachtbhannaí Airgeadais) 2006 (I.R. Uimh. 224 de 2006).

6) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) (Córas Toilíochta Foraoiseachta) (Leasú) 2006 (I.R. Uimh. 168 de 2006).

7) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Fliú Éanúil) (Rialú ar Allmhairí ón Eilvéis) 2006 (I.R. Uimh. 228 de 2006).

under Article 96 of the revised Cotonou Agreement together with explanatory information note. COM (2006) 166.

3) Council Common Position 2006/95/CFSP of 14 February, 2006 renewing restrictive measures against the leadership of the Transnistrian region of the Republic of Moldova together with explanatory information note.

4) Statistics (Business Accounts Surveys) Order 2006 (S.I. No. 248 of 2006).

5) Postgraduate Medical and Dental Board. Accounts, 2004.

Non Statutory:

1) European Communities (Statistics) (Business Accounts Surveys) Regulations 2006 (S.I. No. 247 of 2006).

2) Criminal Justice (Terrorist Offences) Act 2005 (Section 42(2)) (Counter Terrorism) (Financial Sanctions) Regulations 2006 (S.I. No. 220 of 2006).

3) Criminal Justice (Terrorist Offences) Act 2005 (Section 42(6)) (Counter Terrorism) (Financial Sanctions) Regulations 2006 (S.I. No. 221 of 2006).

4) Criminal Justice (Terrorist Offences) Act 2005 (Section 42(2)) (Usama bin Laden, Al-Qaida and Taliban of Afghanistan) (Financial Sanctions) Regulations 2006 (S.I. No. 222 of 2006).

5) Criminal Justice (Terrorist Offences) Act 2005 (Section 42(6)) (Usama bin Laden, Al-Qaida and Taliban of Afghanistan) (Financial Sanctions) Regulations 2006 (S.I. No. 224 of 2006).

6) European Communities (Environmental Import Assessment) (Forestry Consent System) (Amendment) Regulations 2006 (S.I. No. 168 of 2006).

7) European Communities (Avian Influenza) (Control on Imports from Switzerland) Regulations 2006 (S.I. No. 228 of 2006).